2026/964

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 53/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/964]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2850 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2024 maidir leis an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí in 2024 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1500 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2025 maidir leis an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí in 2025 ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21alu (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/622 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'21alua. **32024 R 2850**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2850 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2024 maidir leis an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí in 2024 (IO L, 2024/2850, 12.11.2024).

21alub. **32025 R 1500**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1500 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2025 maidir leis an liosta de na Stáit a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu chun críocha Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí in 2025 (IO L, 2025/1500, 24.7.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2850 agus (AE) 2025/1500 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L, 2024/2850, 12.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2850/oj.
([2]) IO L, 2025/1500, 24.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1500/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN